# Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifgeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011, do thuarastail agus chostais Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caitheachas don bhliain.

Is cuid iad den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 5.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas seo á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm in Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Déantar na bearta seo a leanas d'fhonn an córas um rialú inmheánach airgeadais a fheabhsú go leanúnach.

Do rinne iniúchóir inmheánach neamhspleách líon áirithe iniúchtaí thar ceann na hOifige le linn 2010 ar na nósanna imeachta agus na rialúcháin chuntasaíochta airgeadais atá i bhfeidhm. Táthar tar éir glacadh le tátail an iniúchóra agus tá struchtúir curtha i bhfeidhm d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a chuid fionnachtana agus a chuid moltaí.

Déanann coiste iniúchóireachta na hOifige gach aon iniúchadh inmheánach agus seachtrach a athbhreithniú agus a mheas. Chomh maith leis sin tugann sé comhairle faoi na córais bhainistíochta riosca de chuid na hOifige. Chas an Coiste le chéile uair amháin i 2011.

Úsáidtear an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear oiliúint i mbainistíocht airgeadais.

Comhaontaíodh cumasc idir Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman tar éis faofa dul ar aghaidh a fuarthas ón Roinn Airgeadais. Teastaíonn athruithe reachtaíochta leis an gcumasc a chríochnú go foirmeálta. Chuathas ar aghaidh le gnéithe áirithe den chumasc roimh an reachtaíocht. Chomhaontaigh an dá eagraíocht Meamram Tuisceana i Mí na Nollag 2010, a phléann le cúrsaí riaracháin le bonn solúbtha a sholáthar don dá oifig. Is iad na réimsí a chlúdaítear sa Mheamram ná ceisteanna pearsanra a bhaineann le baill fhoirne CPSA, ceisteanna airgeadais agus bainistiú buiséad, oiliúint agus íocaíochtaí gaolmhara agus ceisteanna ginearálta foirne.

**Andrew Patterson**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
29 Feabhra 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 17: Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Serbhíse Phoibli le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Serbhíse Phoibli. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

# Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Rialáil agus Faireachán ar Cheapacháin | 913 | 540 | 594 |
| | **Ollchaiteachas** | **913** | **540** | **594** |
| | **Asbhain:** | | | |
| A.9 | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **30** | **31** | **28** |
| | **Glanchaiteachas** | **883** | **509** | **566** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€373,875** | **€361,627** |

| Riarachán | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| (i) | Tuarastail, pá agus liúntais | 519 | 474 | 453 |
| (ii) | Taisteal agus cothú | 7 | 1 | 4 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 76 | 13 | 42 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 28 | 2 | 11 |
| (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 90 | 20 | 33 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | 35 | — | 11 |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 84 | 8 | 14 |
| (viii) | Táillí dlí | 74 | 22 | 26 |
| | | **913** | **540** | **594** |

# Nótaí ag Gabháil leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas cláir | | | | |
| Pá | | | 474 | 453 |
| Caiteachas eile | | | 66 | 141 |
| **Ollchaiteachas** | | | 540 | 594 |
| Asbhain: | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 31 | 28 |
| **Glanchaiteachas** | | | 509 | 566 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sóchmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgid | | (11) | | |
| Dímheas | | 13 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 6 | 8 | 24 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú i bhfabhraithe deiridh | | (2) | | |
| Laghú i stoc | | 2 | | |
| | | | — | 35 |
| **Caiteachas díreach** | | | 517 | 625 |
| | | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | 1.1 | | 3 | 4 |
| **Iomlán na gCostas Oibriúcháin** | | | **520** | **629** |

### 1.1 Seirbhísí Gaolta Glan

Tá an t-iomlán measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a tharla in áit eile san áireamh sa chaiteachas do sheirbhísí gaolta glan.

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 3 | 4 |
| | | **3** | **4** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 24 | 32 |
| | | 24 | 32 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 15 | 44 |
| Stoic | 2.3 | 10 | 12 |
| Réamhíocaíochtaí | | 7 | 8 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | 2 | 2 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 34 | 66 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | — | 3 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.4 | 15 | 17 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 2 | 29 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 17 | 49 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 17 | 17 |
| **Glansócmhainní** | | **41** | **49** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú stáit** | | **41** | **49** |

## 2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2011 | 112 | 20 | 132 |
| Coigeartú na bliiana roimhe sin | (1) | (1) | (2) |
| Breiseanna | 11 | — | 11 |
| Diúscairtí | (2) | (10) | (12) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2011 | 120 | 9 | 129 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2011 | 90 | 10 | 100 |
| Prior year adjustment[1] | (1) | (1) | (2) |
| Dímheas don bhliain | 12 | 1 | 13 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2) | (4) | (6) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2011 | 99 | 6 | 105 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2011** | 21 | 3 | 24 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2010** | 22 | 10 | 32 |

[1]Tar éis athbhreithniú de Chlár na Sócmhainní, d'eascair Coigeartuithe ón mBliain Roimhe maidir le luachanna agus dímheas sócmhainní áirithe.

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

an 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna leis an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 15 | 44 |
| | 15 | 44 |

## 2.3 Stoic

an 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clódóireacht agus stáiseanóireacht | 10 | 12 |
| | 10 | 12 |

## 2.4 Iarmhéideanna Sochair Eile

an 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 8 | 5 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 2 | 3 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | — | 3 |
| Ranníocalochtaí pinsin | 1 | 1 |
| | 11 | 12 |
| Míreanna eile sochair atá ar fionraí | 4 | 5 |
| | 15 | 17 |

| **2.5 Glandliteanas don Státchiste**<br>an 31 Nollaig | **2011**<br>**€000** | **2010**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Farrasbar le tabhairt suas | 374 | 362 |
| Deontas ón Státchiste nar tarraingíodh | (372) | (333) |
| Glandliteanas don Státchiste | 2 | 29 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 15 | 44 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 2 | 2 |
| | 17 | 46 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (11) | (12) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (4) | (5) |
| | (15) | (17) |
| | 2 | 29 |

## 3 Caiteachas Cláir

| | | 2011 Soláthar don mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Rialáil agus Faireachán ar Cheapacáin** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 519 | 474 | 453 |
| A.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 394 | 66 | 141 |
| | | **913** | **540** | **594** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Mínítear i gcás gach fo-theideal nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 25% idir an toradh agus an méid a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta na critéir seo I 2011.

## 4 Fáltais

| | 2011 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€** | **€** | **€** |
| 1. Fáltais ón tobhach pinsin a asbhaint | 30 | 31 | 28 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| An líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana | 8 | 8 |
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 459 | 438 |
| ÁSPC an Fhostóra | 15 | 15 |
| **Pá iomlán** | 474 | 453 |